OÉ Gaillimh
NUI Galway

Clárlann - Taifid Acadúla
agus Clárúchán

# Treoir maidir le Clárú ar Líne do Mhic Léinn na Chéad Bhliana 2017/2018



NUI Galway OÉ Gaillimh

## Léarscáil den Champas Campus Map




# Focal ón Uachtarán



A mhac léinn, a chara,

Tá áthas orm fáilte a chur romhat mar mhac léinn chuig OÉ Gaillimh. Tá súil agam go mbainfidh tú sult agus sochar as do thréimhse linn.

Mínítear sa lámhleabhar seo an próiseas clárúcháin.

Molaim duit an lámhleabhar seo a léamh go cúramach. Is ann atá go leor de na freagraí atá á gcuardach agat faoi láthair le fáil. Tá treoracha le fáil ann chomh maith faoin bpróiseas clárúcháin in OÉ Gaillimh.

Chomh maith leis sin, tá ábhar agus comhairle le fáil don chéad bhliain ar an láithreán gréasáin www.nuigalway.ie/new-students

Guím gach rath ort i do shaol acadúil anseo in OÉ Gaillimh.

Mise, le meas,

**James J. Browne** Ph.D., D.Sc., MRIA, C.Eng
Uachtarán








Treoir maidir le Clárúchán do Mhic Léinn na Chéad Bhliana

# Clár


Focal ón Uachtarán ........ 1

**Logáil isteachchun Clarú** ........ 4

Léargas ar do Chuntas Mic Leinn........ 5

Aontú leis na Téarmaí agus na Cionníollacha........ 6

Eolas Pearsanta a thabhairt Cothrom le Dáta........6

Grianghraf a Uaslódáil........ ....7

Treoracha maidir le Táillí a íoc........ .8/9

Suirbhé um Chothroime Rochtaine and HEA........10

Rudaí Tábhachtacha a´ta le Déanamh Anois........12/13

**Comhghairdeas leat as áit a bhaint amach ar chúrsa in OÉ Gaillimh.**

**Caithfidh tú clárú ar líne anois chun go mbeidh tú i do mhac léinn san Ollscoil seo. Osclófar an clárú ar líne an 24 Lúnasa 2017 agus dúnfar é an 11 Meán Fómhair 2017.**

**Cad é Clárú?**
Is ionann clárú agus sonraí na mac léinn a bhailiú agus a chothú. Stóráiltear na sonraí ar fad go lárnach ar Chóras Taifead na Mac Léinn. Caithfidh gach mac léinn clárú in OÉ Gaillimh gach bliain.

**Cén chúis atá leis?**
Nuair a chláraíonn tú beidh tú in ann do chárta aitheantais a bhailiú, modúil a roghnú, rochtain a fháil ar an Leabharlann, ar shaotharlanna etc. bheith páirteach i gClubanna agus i gCumainn agus úsáid a bhaint as na háiseanna ar fad do mhic léinn atá ar an gcampas.

**Cad é Clárú ar Líne?**
Tá clárú ar líne éigeantach agus tugann sé an deis duit clárú ar do chúrsa, do chuid táillí a íoc agus do chuid modúl a roghnú (nuair is cuí) ar líne. Chun clárú ar líne téigh chuig **www.nuigalway.ie/registration** agus lean na treoracha atá le fáil ansin.

## Beolíne na Mac Léinn 091 493999

# Cláraigh i 7 gcéim éasca



## CÉIM 01 Logáil isteach chun Clárú

### Cad iad mo chuid sonraí logála isteach?

**Ainm úsáideora agus pasfhocal atá i do chuid sonraí logála isteach.**
Is í d'uimhir CAO d'ainm úsáideora agus is ionann í anois agus d'uimhir aitheantais úsáideora OÉG e.g. 17123456. Is é do phasfhocal an focal galway agus na chéad cheithre uimhir de do dháta breithe (san fhormáid llmm). Más é an **21 Bealtaine** do bhreithlá, is é '**galway2105**' do phasfhocal.

Tá sé an-tábhachtach nuair atá an clárú déanta agat go ndéanann tú do Chuntas Campais (CASS) a shocrú. Tá níos mó eolais ar an bpróiseas seo le fáil sa bhróisiúr seo.

### Cad é an chéad rud eile is gá dom a dhéanamh?

Brúigh **"Login"** ionas go mbeidh tú logáilte isteach i do chuntas Mic Léinn.

*i* Más iarmhac léinn de chuid na hOllscoile seo thú, tabhair faoi deara gur polasaí de chuid OÉ Gaillimh é do stair iomlán mar mhac léinn a choinneáil faoi do chéaduimhir nó do sheanuimhir aitheantais OÉ Gaillimh. Beidh ort, dá bhrí sin, clárú faoi d'uimhir aitheantais OÉ Gaillimh reatha agus níor cheart duit clárú faoi d'uimhir aitheantais CAO. Mura bhfuil d'uimhir nua CAO nasctha ar ais chuig do sheanuimhir OÉG, caithfidh tú ríomhphost a sheoladh chuig undergradadmissions@nuigalway.ie chun an fhadhb a réiteach. Tabhair aird, le do thoil, ar na himpleachtaí a bhaineann le gan úsáid a bhaint as do sheanuimhir/uimhir reatha mar atá leagtha amach anseo.

**Tabhair faoi deara:** caithfidh tú grianghraf pas a bheith réidh le híoslódáil agat nuair a thosaíonn tú ag clárú

Má tá deacrachtaí agat teacht ar do chuntas mic léinn, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le Deasc Freastail na Leabharlainne & IT. **Cliceáil anseo** le fáil amach conas is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Deasc Freastail na Leabharlainne & IT.

## CÉIM 02 Léargas ar do Chuntas Mic Léinn

Léiríonn an leathanach **COURSES** sonraí an chúrsa a bheas ar siúl agat in OÉ Gaillimh. Ní úsáideann tú ach do chód cúrsa CAO agus tú ag cur isteach ar áit in OÉ Gaillimh. Anois agus tú i do mhac léinn, bainfidh tú úsáid as cód an chúrsa in OÉ Gaillimh, cliceáil anseo chun tuilleadh eolais a fháil.

*i* Seol ríomhphost chuig **reghelp@nuigalway.ie** má tá aon bhotún ar an leathanach Cúrsaí seo.

Míneofar ar an leathanach **FINANCE** an t-eolas ar fad a bhaineann le táillí agus má bhíonn aon cheist agat ba chóir ríomhphost a sheoladh chuig **fees@nuigalway.ie**

Beidh do chuid sonraí pearsanta bunaithe ar d'iarratas CAO ar an leathanach **PROFILE** . Ba chóir an t-ainm céanna a úsáid **anseo** agus atá ar do theastas breithe, pas nó ceadúnas tiomána.

*i* **Má tá d'ainm mícheart cláraigh ar aon chuma agus nuair a bheas do chárta aitheantais á bhailiú agat déanfar na hathruithe cuí duit.**

Úsáid an cnaipe **EDIT** chun d'uimhir ghutháin agus do sheoladh téarma a thabhairt cothrom le dáta murab ionann é agus do sheoladh baile.

Cuir isteach do sheoladh pearsanta ríomhphoist mura bhfuil sé ann cheana féin. Cliceáil **anseo** le fáil amach conas is féidir leat teacht ar do chuntas rphoist OÉG.

Nuair atá tú críochnaithe cliceáil ar an táb '**COURSES**' ag barr an leathanaigh, agus chun do chlárúchán a dhearbhú cliceáil ar '**Register Here**' ar thaobh na láimhe deise den scáileán.

Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil

# CÉIM 03 Aontú leis na Téarmaí agus na Coinníollacha

Nuair a bheidh na "**Téarmaí agus na Coinníollacha**" léite agat, cuir tic sa ticbhosca. Mura gcuireann tú tic sa bhosca "**Téarmaí agus Coinníollacha**", ní thabharfar cead duit leanúint leis an iarratas.


* Do you agree to the Terms & Conditions? ☐ tick to agree

Terms and Condition can be found here


National University of Ireland, Galway
University Road, Galway, Ireland
T +353 91 524411

Disclaimer | Privacy | Copyright | Contact

# CÉIM 04 Eolas Pearsanta a thabhairt cothrom le dáta

Sa chuid seo, ní mór duit eolas a iontráil sna réimsí uile a **bhfuil** * in aice leo. Tír Bhunaidh is ea an tír ina raibh an mac léinn ag cur faoi/fúithi go buan sular thosaigh sé/sí ar an gclár staidéir. Ní gá gurb é an seoladh comhfhreagrais/téarma atá i gceist

Ní gá go mbeadh sé mar a chéile leis an náisiúntacht agus ní athraíonn sé de réir mar a théann tú ar aghaidh trí do ghairm acadúil, e.g. tagann duine ón bPolainn go hÉirinn coicís roimh thús a chur le cúrsa ardoideachais.


Personal Details

* Nationality:
* Domicile:
* Residence while at college: Apartment
Student PPS Number:
Emergency contact name:
Emergency contact number:
Religion: - Select -
Most recent higher educational institution attended, (if any):
Award:
Year Awarded: - Select -

Cé gur Polannach an duine seo agus go bhfuil a s(h)eoladh comhfhreagrais in Éirinn, is í an Pholainn an tír ina bhfuil buanchónaí air/uirthi.

Is í Éire a bheadh mar Thír Bhunaidh ag mic léinn a raibh cónaí orthu in Éirinn ar feadh 3 bliana nó níos mó roimh thús an chúrsa.

Ní féidir le Tír Bhunaidh an mhic léinn athrú le linn a t(h)réimhse staidéir.

Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil



# CÉIM 05 Grianghraf a Uaslódáil

Ní mór duit grianghraf cuí díot féin (cloigeann agus guaillí) agus díot féin 'amháin' a uaslódáil agus úsáidfear é seo ar do chárta aitheantais. Tabhair faoi deara go bhfuil an cárta bailí ar feadh ré an chláir.

## Chun grianghraf a uaslódáil:

- Cliceáil ar browse agus cuardaigh do grianghraf sa suíomh ina bhfuil do ghrianghraf á stóráil.
- Cliceáil ar do grianghraf agus roghnaigh do cineál comhaid agus cliceáil
- Cliceáil ar upload


Student Image
Student Image: Browse... Upload

Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil

**Ní mór duit grianghraf a uaslódáil roimh an 27 Lúnasa 2016 nó ní bheidh sé ar fáil le bailiú i rith an tseisiúin eolais**

## Treoirlínte do Ghrianghraf

Grianghraif a nglacfar leo:



Grianghraif nach nglacfar leo:



Murar uaslódáil tú do ghrianghraf roimh an 27 Lúnasa, caithfidh tú fanacht anois go dtí an 11 Meán Fómhair chun do chárta aitheantais a bhailiú ón Deasc Chlárúcháin, an Chéad Urlár, Áras Uí Chathail. Léarscail den Champas

Mura n-éiríonn leat grianghraf cuí a uaslódáil b'fhéidir go mbeadh ort **€20** a íoc ar an gcárta aitheantais.

Ní mór duit teastas breithe, pas nó ceadúnas tiomána a bheith leat agus do chárta aitheantais á bhailiú agat. Ní thabharfar do chárta aitheantais duit mura mbeidh ceann acu seo thuas leat.



# CÉIM 06 Treoracha maidir le táillí a íoc

Le go mbeidh tú lánchláraithe mar mhac léinn, ní mór duit na táillí cuí a íoc. Braithfidh an táille a íocfaidh tú ar na ceisteanna anseo thíos.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin Oifig na dTáillí: **www.nuigalway.ie/fees**

## Cén tsuim is gá dom a íoc?

| 2017-2018 | An tSuim Iomlán atá le hÍoc ag an Mac Léinn | Ranníocaíocht an Mhic Léinn €3,000 | Táille Teagaisc | Tobhach an Mhic Léinn €224 |
|---|---|---|---|---|
| **Mac Léinn AE, atá i dteideal saorthháillí teagaisc agus atá ar dheontas SUSI** | €224 | Le híoc ag SUSI www.susi.ie nó support@susi.ie | Le híoc ag an rialtas | Tá |
| **Mac Léinn AE, atá i dteideal saorthháillí teagaisc** | €3,224 | Tá | Le híoc ag an rialtas | Tá |
| **Mac Léinn AE, nach bhfuil i dteideal saorthháillí teagaisc ná deontas SUSI** | Féach **www.nuigalway.ie/fees** chun eolas a fháil faoi na táillí atá le híoc | Tá | Tá | Tá |
| **Mic Léinn nach ón AE iad** | Ní mór na táillí ina n-iomláine a íoc sula gcláraíonn tú | Ní bhaineann | | |

Tá trí chuid sna táillí:
• Táille theagaisc • Ranníocaíocht an Mhic Léinn • Tobhach an Mhic Léinn

## Ba mhaith liom mo chuid táillí a íoc ar líne. Cad is gá dom a dhéanamh?




Nuair a bheidh na ceisteanna ar fad freagartha agat, ríomhfar táille bunaithe ar do chuid freagraí. Is í seo an táille nach mór duit a íoc ar líne nó le gíoró bainc. Más é 'is ea' an freagra a thug tú ar cheist 6 thuas, caithfidh tú 'SUSI funding' a roghnú ón mbosca anuas 'Funded by' agus tá sé ríthábhachtach go gcuireann tú isteach d'uimhir SUSI san fhormáid W1718XXXXXXXX




Cuir isteach sonraí do Chárta Creidmheasa / Dochair agus brúigh PayNow »

Glacfar le d'íocaíocht trí láithreán gréasáin slán. Níl rochtain ag OÉ Gaillimh ar na sonraí seo agus ní choinnítear taifead ach den ainm ar an gcárta.



**Uimhir PSP Íocóir na dTáillí – Tá faoiseamh cánach ar fáil do tháillí teagaisc áirithe.**
**Tá tuilleadh eolais le fáil ar:** www.revenue.ie/en/tax/it/leaflets/it31.html

Tá teorainn €1,500 ar idirbhearta i gcás cártaí dochair ar leith.Dochair. Íoc an fuílleach tríd an rogha Pay Fees. PayNow »

Próiseálfar d'íocaíocht táillí agus tú ar líne. Fan go lódálfaidh an scáileán thíos, glacfaidh sé cúpla nóiméad scaití. Nuair a bheas d'íocaíocht próiseáilte seolfar admháil chuig do sheoladh ríomhphoist OÉG. Má bhíonn deacracht ar bith leis an íocaíocht ar líne, cuirfear é sin in iúl duit anseo.




Roghnaigh Next » le dul chuig an gcéad scáileán eile agus, má tá tú sásta go bhfuil do shonraí ceart cliceáil ar Continue »

## Cén tsuim is gá dom a íoc?

### (1) Teagasc - an bhfuil tú i dteideal 'saorthháillí teagaisc'?

Critéir incháilitheachta:
- Náisiúnaigh AE (i.e. daoine a bhfuil Pas AE agus Teastas Breithe ina seilbh)
- Cónaí in Éirinn le 3 bliana as 5 bliana
- Níor fhreastail ar an tríú leibhéal riamh cheana

Chun tuilleadh eolais a fháil cliceáil ar an nasc seo: **www.nuigalway.ie/fees**

### (2) Ranníocaíocht an Mhic Léinn

In 2017/2018 is é €3,000 Ranníocaíocht aan Mhic Léinn.
Má tá tú i dteideal deontas ardoideachais, cuirfidh Oifig na dTáillí sonrasc chuig SUSI ag éileamh na táille.

Chun tuilleadh eolais a fháil cliceáil ar an nasc seo: **www.nuigalway.ie/fees**

### (3) Tobhach an Mhic Léinn

In 2017/2018, €224 a bheidh i dtobhach an mhic léinn.
Caithfidh gach mac léinn an tobhach seo a íoc agus níl sé clúdaithe ag deontas SUSI ná ag aon mhaoiniú eile.
Baineann an tobhach le seirbhísí do mhic léinn, e.g. cúram sláinte, spórt agus áineas, comhaltas na mac léinn.

Tá eolas breise le fáil ó chomhaltas na mac léinn ag **studentsunion@nuigalway.ie**





Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil

Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil

# CÉIM 07 Líon Suirbhé um Chothroime Rochtaine an HEA

## An Suirbhé um Chothroime Rochtaine

Iarrann an ÚAO (an tÚdarás um Ard-Oideachas) orainn suirbhé a chur ar mhic léinn thar a gceann chun eolas a bhailiú faoina gcúlra sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha nuair a chláraíonn siad. Tá an suirbhé faoi rún agus seoltar na freagraí ar ais chuig an ÚAO gan ainm ná seoladh.

Féach **www.hea.ie** chun níos mó eolais a fháil. Lean ort agus líon suirbhé an HEA ar líne anois.





# Comhghairdeas, is mac léinn de chuid OÉ Gaillimh anois thú

## ! Rudaí tábhachtacha atá le déanamh anois!

## Socraigh do Chuntas Campais (CASS)

Ba chóir duit do Chuntas Campais (CASS) a shocrú anois díreach. Tá an chéim seo thar a bheith tábhachtach. Caithfidh do phasfhocal a bheith alfa-uimhriúil, 8 gcarachtar ar fhad, ar a laghad, agus caithfidh cás uachtair, cás íochtair agus saincharachtar a bheith ann, e.g. Tool12kit CAITHFIDH tú do phasfhocal a athrú chun do chuntas a choinneáil slán. Trí úsáid a bhaint as uimhir aitheantais agus as pasfhocal amháin, cuireann do Chuntas Campais rochtain ar fáil duit ar Ríomhlanna, Rphost agus Aipeanna Microsoft Office 365, WiFi, Blackboard, Córais na Leabharlainne, Clárú ar líne, MyCampus, Tráthchláir na Scrúduithe agus Torthaí Scrúdaithe. Chun do Chuntas Campais a shocrú cliceáil anseo Cliceáil anseo le heolas a fháil faoi na seirbhísí IT atá ar fáil in OÉ Gaillimh.

## Modúil a Roghnú

Cliceáil anseo chun míniú a fháil ar na modúil. Ba chóir gach ceist maidir le modúl a roghnú a chur ar an gColáiste cuí, is anseo atá naisc le fáil. Nuair is eol duit cé na modúil is mian leat a dhéanamh, ní mór duit clárú lena n-aghaidh AR LÍNE. Tá tuilleadh eolais le fáil ar **www.nuigalway.ie/reg**

## Conas a phriontálaim mo Ráiteas Clárúcháin

**Cliceáil ar an táb** **PRINT** ar an gcoirnéal ar dheis ar an gcéad scáileán de do chuntas mic léinn.

**Rochtain ar Blackboard:**
Beidh rochtain agat ar do chuntas Blackboard 24 uair an Chloig tar éis duit clárú
Chun breathnú ar do mhodúil/eolas an chúrsa ar Blakcobard ní mór duit logáil isteach ar an Online Registration System agus clárú le haghaidh do chuid modúl. Beidh rochtain agat ar na modúil seo laistigh de Blackboard 24 uair an chloig ina dhiaidh sin.

## Conas a phriontálaim cruthúnas ar mo Chlárúchán?

**Cliceáil ar an táb** **PROOF OF REGISTRATION** ar an gcoirnéal ar dheis ar an gcéad scáileán de do chuntas mic léinn.

## Conas is féidir liom grianghraf a uaslódáil más rud é nach ndearna mé é nuair a bhí mé ag clárú ar líne?

Téigh chuig '**Profile**' ar an gcéad leathanach agus cliceáil ar an táb **UPLOAD PHOTO** faoi Personal Information agus lean na treoracha.

## Roghnaigh mé maoiniú SUSI nuair a bhí mé ag clárú ar líne ach níor chuir mé isteach m'uimhir SUSI?

Téigh chuig '**Profile**' ar an gcéad leathanach agus cliceáil ar an táb **EDIT** faoi Uimhir SUSI.

**www.susi.ie nó support@susi.ie**

## Conas is féidir liom mo sheoladh téarma a athrú?

Téigh chuig '**Profile**' ar an gcéad leathanach agus cliceáil ar an táb EDIT faoi Term Address agus ansin clóscríobh isteach do sheoladh nua agus cliceáil ar **UPDATE**.

Tabhair faoi deara gurb é do sheoladh baile an seoladh a thug tú ar d'iarratas CAO.

Más mian leat do sheoladh baile a athrú, beidh ort é sin a dhéanamh ag Deasc Eolais na Mac Léinn (SID), urlár na talún, Áras Uí Chathail. Féach **www.nuigalway.ie/sid** d'uaireanta oscailte agus léarscáil.



Treoir físe maidir le do mhodúil a roghnú

## Cén chaoi a bhfaighidh mé Cárta Aitheantais?

Tar chuig an gCéad Urlár in Áras Uí Chathail, (Léarscáil) ar na dátaí atá liostaithe anseo chun do chárta aitheantais a bhailiú. Cinntigh go ndéanfaidh tú grianghraf pas díot féin a uaslódáil agus tú ag clárú ar líne nó beidh ort logáil isteach ar an gclárú ar líne arís **www.nuigalway.ie/reg** roimh an **27 Lúnasa 2017** agus grianghraf a uaslódáil.

**Ní mór duit iad seo a leanas a bheith leat chun do chárta aitheantais a bhailiú:**


- do theastas breithe, pas, nó ceadúnas tiomána a bheas le seiceáil sula bhféadfar cárta aitheantais a thabhairt duit. **(Ní thabharfar cárta aitheantais duit mura mbeidh ceann acu seo leat an lá a bhfuil na cártaí aitheantais le bailiú)**
- d'uimhir SUSI (más cuí)
- d'uimhir PSP a bhfuil dualgas orainn í a chur ar fáil don ÚAO (An tÚdarás um Ard-Oideachas).

Cruthúnas é do chárta aitheantais gur mac léinn de chuid OÉ Gaillimh thú agus beidh ort an cárta seo a bheith ar iompar agat i gcónaí ar an gcampas, le dul isteach sa leabharlann agus nuair a bheidh cáipéisí á lorg agat e.g. trascríbhinní agus le dul isteach chuig do chuid scrúduithe.



**Pleanálaí Mac Léinn**





Féach ar an bhfíseán chun tuilleadh cabhrach a fháil

Murar uaslódáil tú do ghrianghraf roimh an **27 Lúnasa**, caithfidh tú fanacht anois go dtí an **11 Meán Fómhair** chun do chárta aitheantais a bhailiú ón Deasc Chlárúcháin, an Chéad Urlár, Áras Uí Chathail.

**Caithfidh tú Céim 1 den Chlárú a bheith déanta agat sular féidir leat do chárta aitheantais a bhailiú.**

## Teastaíonn tuilleadh cabhrach uaim!

Beidh Deasc Chabhrach Chlárúcháin oscailte
**Luan – Aoine ón 22 Lúnasa – 11 Meán Fómhair.**

Details are as follows:

**Uaireanta oscailte: 9.00am – 5pm**
**Uimhir theileafóin: 091-493999**
**Rphost: reghelp@nuigalway.ie**
**Láithreán Gréasáin: www.nuigalway.ie/reg**

Úsáid d'uimhir CAO, is í sin anois d'uimhir OÉ Gaillimh ar gach comhfhreagras.

# Seicliosta

- Cláraithe ar líne
- Grianghraf uaslódáilte
- Táillí Íoctha
- Uimhir SUSI curtha isteach (más cuí)
- Suirbhé Rochtaine an HEA líonta
- Cuntas Campais (CASS) socraithe

Le tabhairt leat chuig an Seisiún Eolais

- Do theastas breithe, pas, nó ceadúnas tiomána
- D'uimhir PSP
- D'uimhir SUSI (más cuí)

www.nuigalway.ie/new-students

NUI Galway
OÉ Gaillimh

Clárlann - Taifid Acadúla
agus Clárúchán

